Téama 2

Nósanna Maireachtála & Saol na nDaoine

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Limerick Education Centre

LIMERICK
EDUCATION
CENTRE

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

© 2009 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, Ionad Oideachais Luimnigh agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Clár na nÁbhar

Leathanach

Aonad 1: Tithíocht

Ceacht 1: Níl aon tinteán mar do thinteán féin - Bileog Oibre & Bileoga Faisnéise 3

Ceacht 2: An Teach Mór - Bileog Oibre & Bileoga Eolais 11

Aonad 2: Cosaint

Ceacht 1: Seandálaíocht na Cosanta - Bileoga Oibre & Bileoga Eolais 17

Ceacht 2: Caisleáin na hÉireann ón tréimhse Normannach ar aghaidh - Bileoga Oibre, Bileog Eolais & Bileog Faisnéise 25

Aonad 3: Bailte

Ceacht 1: Laistigh de Bhallaí an Bhaile - Bileoga Oibre & Bileog Eolais 33

Ceacht 2: Istigh faoi Shráideanna an Bhaile - Bileog Eolais 39

Aonad 4: Nósanna Maireachtála

Ceacht 1: Lorg na Seandálaíochta - Bileoga Oibre & Bileog Eolais 43

Ceacht 2: Déantúsáin Mhaireachtála - Bileoga Oibre & Bileoga Eolais 49

Aonad 1

Tithíocht

Ceacht 1

Níl aon tinteán mar do thinteán féin

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Tarraing athchruthú de theach Méisiliteach agus an timpeallacht thart air. Bunaigh an t-athchruthú ar an bhfianaise a tháinig as an tochailt seandálaíochta ag Cill Santail (féach thíos).

An Comhthéacs

- Aeráid cosúil leis an aeráid atá againn inniu; foraois dhuillsilteach go forleathan.
- Geilleagar fiagaithe cnuasaitheoirí – ag brath ar bhia fiáin.
- Leanann an lonnaíocht an soláthar bia go séasúrach.
- Tá an lonnaíocht suite ar chnoc beag os cionn abhann.

Fianaise Sheandálaíochta a tháinig as an tochailt seandálaíochta a rinneadh ar theach Méisiliteach ag Cill Santail, Co. Dhoire

- Sraith de loirg stacán, i gcruth ciorcail, trastomhas c.6 m.
- Tá gach lorg stacán 30 cm ar doimhneacht agus iad c.15 cm óna chéile.
- Claonann na loirg stacán isteach.
- Tinteán i lár an tí – suncáilte sa talamh (trastomhas 1 m).
- Uirlisí cloiche – micrilití, lanna, reanna saighde breochloiche agus tuanna cloiche.
- Fuílleach breochloiche, a fágadh tar éis uirlisí a dhéanamh, caite ar leataobh.
- Bruscar ó bhéilí: cnámha bradán, breac, eascann, iasc mara, muc fiáin, giorriacha; blaoscanna cnó coill; croíthe úll.

Oibrigh amach cé mhéad duine a bheadh in ann cónaí go compordach sa teach seo?



Teastóidh 2 m X 1 m ó gach duine

Léigh torthaí na tochailte a rinneadh ar theach Neoiliteach agus tarraing bonnchló urlár an tí, bunaithe ar na torthaí sin. Tarraing athchruthú den teach ar chúl an leathanaigh.

Torthaí na tochailte

Rinneadh trinse sliotáin, 0.6 m ar leithead agus 0.65 ar doimhneacht, sa talamh thart ar spás dronuilleogach 7.4 m X 6.4 m.

Ocht lorg cuaille:

Bhí sé cinn díobh seo suite sa trinse bunaidh

- Lorg cuaille amháin ag gach cúinne.
- Dhá cheann ar eatraimh chothroma ar na taobhanna fada.

Suíodh cláir ingearacha adhmaid sa trinse sliotáin, idir na cuaillí. Bhí an ithir i lár an tí dearg ón ndó – taispeánann sé seo suíomh an tinteáin.

Fuarthas roinnt déantúsán:

- Sligí (píosaí briste potaireachta) o bhabhlaí tóinchruinne.
- Rinn saighde breochloiche.
- Meall gráin dhóite – dódh an meall nuair a bhí sé á thriomú in aice na tine. Caitheadh amach é. Nuair a rinneadh anailís ar an ngrán, fuarthas amach go mba chruithneacht emmer é.
- Blúirí dóite de bhlaoscanna cnó coill agus croí úill. B'fhia-úll é–*malus sylvestris.*
- Blúirí de chnámha ainmhithe: ba, caoirigh/gabhair agus muca (bhí sé do-dhéanta cnámha caorach primitíbheach a aithint thar chnámha gabhar primitíbheach).

Tabhair faoi deara go bhfuarthas formhór na n-earraí bia in aice an tinteáin láir.

Fiagaithe cnuasaitheoirí Méisiliteacha (8,000 R.C. – 4,000 R.C.) 	• Foinse bia: san fhiántas. • Sheilg siad ainmhithe fiáine agus chnuasaigh siad torthaí / caora/ plandaí fiáine. • Mhair siad mar fhiagaithe cnuasaitheoirí. • Campaí séasúracha. • Bothán ciorclach (trastomhas 6 m). • Creatlach déanta as stacáin lúbtha. • Chlúdaigh craicinn ainmhithe an creatlach adhmaid. • Tinteán i lár an urláir. • Fianaise: tinteán agus ciorcal lorg stacán.
Neoiliteach (4,000 R.C. – 2,000 R.C.) 	• Tithe dronuilleogacha adhmaid. • Lonnaíochtaí socraithe feirmeoireachta. • Tithe dronuilleogacha (7 – 15 m X 5 – 6 m). • Díon tuí. • Tacaíonn cuaillí móra an díon. • Trinse sliotáin do na cláir adhmaid. • Tinteán i lár an urláir. • Fianaise: loirg chuaillí, trinsí sliotáin agus tinteán.
An Chré-umhaois agus an Iarannaois (2,000 R.C. – 400 A.D.) 	• Bíonn na tithe ciorclach de ghnáth. • Eolas acu ar mhiotalóireacht (copar agus cré-umha). • Lonnaíochtaí imfhálaithe. • Tithe ciorclacha (trastomhas 5 – 9 m). • Díon cónúil tuí. • Tacaíonn cuaillí móra an díon. • Ballaí caolaigh agus dóibe. • Tinteán i lár an urláir. • Fianaise: loirg chuaillí agus tinteán.

Ré na Luath-Chríostaíochta (400 A.D. – 1,000 A.D.)
 
	• Teacht na Críostaíochta go hÉirinn.
	• Lonnaíocht chiorclach (ráth / lios); múr á imfhálú; sonnach ar a bharr.
	• Tithe ciorclacha (trastomhas 5 – 9 m)
	  • Díon cónúil tuí.
	  • Tacaíonn cuaillí móra an díon.
	  • Ballaí caolaigh agus dóibe.
	  • Tinteán i lár an urláir.
	  • Fianaise: loirg chuaillí agus tinteán.

Tithe Meánaoiseacha – Creat Adhmaid 	• Ba iad na Normannaigh an chéad dream in Éirinn a thóg foirgnimh ar chreat adhmaid. • An príomhshórt foirgnimh i mbailte múrtha. • Ní mhaireann aon sampla foirfe inniu. • Tógadh tithe den sórt seo i rith Phlándálaithe an 17ú céad freisin.
Tosaíodh ar chloch a úsáid mar ábhar tógála - 11ú céad	
Túrtheach 15ú / 16ú céad 	• Thóg na tiarnaí Normannacha caisleáin chloiche ón 1180í. • Ba thithe cónaithe na n-uaisle agus imfhálaithe míleata iad caisleáin. • Bhí cónaí ar fhormhór an phobail i dtithe adhmaid, cosúil leis na cinn ar chreat adhmaid (féach thuas). • Lean nós na gcaisleán go dtí na Meánaoiseanna Déanacha – tógadh túrthithe sa 15ú agus 16ú céad.
Tithe daingnithe 1580 – 1640 	• Gar do dheireadh an 16ú céad, thóg roinnt de na tiarnaí Gaelacha tithe a bhí níos mó agus níos compordaí ná na túrthithe. • Tugadh 'tithe daingnithe' orthu mar bhí gnéithe cosanta fós ag baint leo: poill lámhaigh, bartasáin, forbhallaí, finisteair ghunna. • Bhí na fuinneoga níos mó agus bhí seomraí príobháideacha agus tinteáin bhreise acu thar mar a bhí sna caisleáin luatha.
Tithe Móra / Tithe Tuaithe 18ú /19ú cead 	• Thóg aicme nua - móruaisle talún Protastúnacha - iad san 18ú céad agus go luath sa 19ú céad. • Dhear ailtirí iad ar stíl Nuachlaisiceach (ingearchlónna cothromaithe agus comhréirithe). • Diméin phríobháideach thart orthu. • Tháinig an stíl Nua-Ghotach isteach go déanach san 18ú céad. • Tógadh a bhformhór de chloch; cloch ghearrtha snoite mar mhaisiúchán.
Tithe dúchasacha 18ú / 19ú céad 	• Chónaigh tromlach an phobail sna tithe seo. • Thóg tógálaithe áitiúla iad; d'úsáid siad ábhair áitiúla. • Díonta tuí (tuí, giolcacha agus araile). • Is fíorannamh go raibh níos mó ná stór amháin sa teach. • Ballaí de chré (láib) nó de spallaí. • Leagan amach dronuilleogach. • Ar bheagán seomra: cistin, parlús, seomra(í) codlata.

Aonad 1

Tithíocht

Ceacht 2

An Teach Mór

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Seoladh .....

Uimhir an fhoirgnimh .....

Baile Fearainn .....

Cur síos: Scoite ❑ Leathscoite ❑ Bungaló ❑

Líon na mbánna ..... Líon na stór .....

Ábhar tógála .....

Sórt dín ..... Ábhar .....

An bhfuil plástar ar na ballaí? .....

Bunfheidhm .....

Inscríbhinn .....

Feidhm faoi láthair .....

Úinéir(í) go dtí seo .....

Úinéir faoi láthair .....

Grianghraf

Aghaidhchló

Doras

Taobhchló

Fuinneog

Dáta an fhoirgnimh .....

Stíl ailtireachta .....

Bail .....

Dáta na cuairte .....

Taifeadta ag .....

Uimhir Déanmhas Cosanta .....

Uimhir CSA .....

Nótaí

 *17ú céad* *18ú céad*	Tar éis Chath na Bóinne sa bhliain 1690, chaill na Caitlicigh a gcuid talún, agus tháinig aicme nua - móruaisle talún Protastúnacha – chun cinn. Bá thréimhse rathúil agus cuibheasach suaimhneach é an 18ú céad.
	• Thóg an aicme nua Phrotastúnach tithe móra. • Léirigh na foirgnimh mhóra seo cumhacht agus saibhreas a n-úinéirí. • Ar stíl Nuachlaisiceach (ingearchlónna cothromaithe agus comhréirithe). • Suite i ndiméin – fearann páirce príobháideach.
	• Tá foinse an nuachlasaicis san Athbheochan Iodáileach – chóipeáil ailtirí iarsmaí na dtithe móra Romhánacha. • Siméadracht agus cothromaíocht, maraon le gnéithe den ailtireacht chlaisiceach. • Saisfhuinneoga in úsáid. • Tá trí chuid i gcolún Claisiceach: Bonn, Fearsaid agus Mullach. • Mullach colúin: Dórach, Iónach, Corantach. • Peidiméid, Coirnis, Taibhléadan.
	Stíl Nua-Ghotach (18ú céad déanach / go luath sa 19ú céad) • Bhí tionchar ag an nGluaiseacht Rómánsach agus ag an tsuim nua a bhí ag daoine sna Meánaoiseanna (an Rí Artúr agus araile) ar an stíl Nua-Ghotach. • Rinne ailtirí dearaí a bhí i bhfad níos ilghnéithí; ní raibh an tsiméadracht ná na sonraí claisiceacha faiseanta a thuilleadh. • Samplaí: Mainistir na Coille Móire, Co. na Gaillimhe, Mainistir Ghleann Stáil, Co. Luimnigh, Mainéar Áth Dara, Co. Luimnigh.
	Gnéithe diméine: • Gairdín múrtha – tithe gloine. • Foirgnimh ghalánta feirme. • Locha agus droichid ornáideacha. • Caisleáin bhréige, suntasáin, baoiseanna. • Balla na diméine. • Lóistí agus geataí. • Crainn curtha ar fhearann páirce na diméine.

Beidh liosta de na tithe móra i do cheantarsa le feiceáil ar **www.buildingsofireland.ie**


Cúinne
Seaimféar
Transam
Pána luaidhe
Múnláil sileáin
Voussoir
Eochair
Cloch i gcúrsa
Muillean
Spallaí randamacha
Balastráid
Slinnre aimsire
Cuasfhuinneog
Tíleanna Mullaigh
Barra glónrúcháin
Peidiméid
Fuinneog Veinéiseach
Feanléas
1760
Dátchloch
Coirnis
Áirse fhulangach
Taobhléas
Éadanchlár
Tíleanna cíoracha mullaigh
Uchtbhalla
Lindéar
Clár Binne
Fuinneog cháisminte
Saisfhiuinneog
Imchásáil
Fuinneog dhormánta
Pota simléir
Stoc simléir
CASEY 1
Fuinneog oiriail
Coirbéal
Cúrsa Sreinge
Brac
Plástar
Rothgharda

Aonad 2

Cosaint

Ceacht 1

Seandálaíocht na Cosanta



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Séadchomhartha | **Cur síos**

Lonnaíocht ón gCré-umhaois
2,000 R.C. – 500 R.C.



Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

1.

Dún Ceann Tíre
500 R.C. – 400 A.D.



Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

2.

Áitreabh Feirme na Luath-Chríostaí
500 – 1,000 A.D.



Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

3.

Séadchomhartha | **Cur síos**

Caisleán Normannach
1180 A.D. – 1250 A.D.

Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

4.

Créfort Mótach
1250 A.D. – 1350 A.D.



Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

5.

Dún Réaltchruthach
1600 A.D. – 1700 A.D.



Cineál _____

Ábhar _____

Feidhm _____

6.

An chosaint is fearr?

Cé acu de na trí rogha thíos a thugann an chosaint is fearr? Cén fáth?
Cé acu is laige ó thaobh cosanta de? Cén fáth?



a.



b.



c.

Séadchomhartha	Cur síos
Lonnaíocht ón gCré-umhaois **2,000 R.C. – 500 R.C.**  *Líon na samplaí : c 25*	**Séadchomhartha: Lonnaíocht ón gCré-umhaois 2,000 R.C. – 500 R.C.** **Cineál:** imfhálú ciorclach; clais á imfhálú; sonnach adhmaid ar an imeall istigh. **Ábhar:** Tá an chlais gearrtha as an talamh; tá an sonnach déanta d'adhmad. **Feidhm:** Is fál teorann é an t-imfhálú, dáiríre. Choimeádfadh sé ainmhithe fiáine amach agus chosnódh sé na daoine ar ionsaí / ar ghoid ócáideach ach ní bheadh sé láidir go leor chun ionsaí tromchúiseach a sheasamh. D'fheidhmeodh an t-imfhálú chun limistéar na lonnaíochta a dheimhniú freisin ó thaobh spáis shóisialta de; b'fhál fothana é freisin agus chosnódh sé páistí óga agus ainmhithe an tí ar dhul ar strae.
Dún Ceann Tíre **500 R.C. – 400 A.D.** *Líon na samplaí : c 350*	**Séadchomhartha: Dún Ceann Tíre** **Cineál:** Ceann tíre nádúrtha a ghobann amach san fharraige – cuing chaol air. Braitheann cruth an limistéir taobh istigh ar chruth an chinn tíre féin. Tógadh dhá mhúr arda trasna na cuinge. Tochlaíodh clais taobh amuigh de gach múr. **Ábhar:** Múrtha cré agus claiseanna. **Feidhm:** Tugann múrtha cré agus clais sheachtrach trasna na cuinge caoile cosaint mhaith don talamh laistigh. Tá na cinn seo i bhfad níos airde ná na cinn sa lonnaíocht Chré-umhaoiseach – mar sin, is sárchosaint iad. Tugann ailte na farraige cosaint mhaith ar na taobhanna eile.
Áitreabh Feirme na Luath-Chríostaí **500 A.D. – 1,000 A.D.**  *Líon na samplaí : c 25,000*	**Séadchomhartha: Ráth / Lios** Is áitreabh imfhálaithe feirme ón Ré Luath-Chríostaí é seo (500 A.D. – 1,000 A.D.) **Cineál:** Limistéar ciorclach (trastomhas c20 – 40 m); múr á imfhálú; clais sheachtrach. **Ábhar:** Múr cré; clais sheachtrach chré-ghearrtha; sonnach adhmaid ar bharr an mhúir. **Feidhm:** An-chosúil leis an lonnaíocht Chré-umhaoiseach (thuas) ach go raibh múr ard freisin ar an gceann seo. Geata mór láidir ar an mbealach isteach. Ba nós coitianta í an táin bó in Éirinn ag an am sin agus thabharfadh imfhálú mar seo dóthain cosanta don áitreabh, ach ní bheadh sé láidir go leor d'ionsaí mór míleata. D'fheidhmeodh an t-imfhálú chun limistéar na lonnaíochta a dheimhniú freisin ó thaobh spáis shóisialta de.

Séadchomhartha	Cur síosn
Caisleán Normannach **1180 A.D. – 1250 A.D.** *Líon na samplaí: c.150*	**Séadchomhartha: Caisleán Cloiche** a thóg na tiarnaí Normannacha. **Cineál:** Bhraith cruth an chaisleáin ar an suíomh. Tógadh ballaí imfhálaithe an chaisleáin ar bhruach abhann ar thaobh amháin. Lean na ballaí an sruthchúrsa sa chaoi go bhféadfaí móta a thógáil ag bun na mballaí. **Ábhar:** Ballaí móra saoirseachta – clocha bainte as cairéil; moirtéal aoil á ngreamú le chéile. **Feidhm:** Cosaint, láithreacha riaracháin, láithreacha polaitiúla. Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí atá sa léaráid.
Créfort Mótach **1250 – 1350 A.D.**  *Líon na samplaí: c.1,000*	**Séadchomhartha: Créfort Mótach** **Cineál:** Limistéar cearnógach; múr agus clais sheachtrach á imfhálú; sonnach ar bharr an mhúir. **Ábhar:** Múr cré; clais sheachtrach atá lán le huisce (móta); sonnach adhmaid ar bharr an mhúir. Geata láidir adhmaid, droichead tógála agus túr faire. **Feidhm:** Ba iad seo áitribh chosanta na n-úinéirí talún. Tógadh iad toisc go raibh na clanna Gaelacha ag ionsaí na coilíneachta Normannaí ó lár an 13ú céad ar aghaidh.
Dún Réaltchruthach **1600 A.D. – 1700 A.D.**  *Líon na samplaí: 60*	**Séadchomhartha: Daingean airtléire réaltchruthach** **Cineál:** Struchtúr réaltchruthach – úrdhúnta rinneacha ag na cúinní. **Ábhar:** Ceartlár mór cré. Ballaí cloiche. **Feidhm:** Dearadh iad seo go speisialta chun ionsaithe gunnaí móra a sheasamh. Tá croí na mballaí déanta de chré chun caora gunna mhóir a shraonadh. Cabhraíonn cruth na n-úrdhúnta leis na cosantóirí nuair a bhíonn siad ag scaoileadh gunnaí móra in aghaidh na n-ionsaitheoirí. Is innealtóirí oilte iad na daoine atá ag dearadh agus ag tógáil struchtúr cosanta mar seo.

Féach ar **www.archeology.ie** chun eolas a fháil ar na séadchomharthaí i do cheantarsa.

Aonad **2**

Cosaint

Ceacht **2**

Caisleáin na hÉireann ón tréimhse Normannach ar aghaidh



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2



Déan liosta de phríomhghnéithe caisleáin



Déan liosta de na gnéithe cosanta uile

Déan cur síos ar na feidhmeanna a bhain le gach leibhéal faoi seach.

An ceathrú stór _____

An tríú stór _____

An dara stór _____

An chéad stór _____

An bunurlár _____



Móta agus Bábhún
- Thóg na Normannaigh iad sa 12ú céad.
- Tógadh iad i rith feachtas míleata.
- Créfort agus forstruchtúr adhmaid air.
- Tapa agus saor iad a thógáil.
- Móta: mullóg ard chónúil.
- Bábhún: an t-imfhálú a bhí ceangailte leis. (c350 sa tír)



Caisleáin Chloiche
- Tógadh iad sa 12ú céad.
- Costasach agus daor iad a thógáil.
- Túrtha arda láidre – ballaí tiubha.
- Forbhallaí agus scoilteanna saighead.
- Poill lámhaigh cloiche agus poill lámhaigh adhmaid.
- Is siombail é an caisleán de chumhacht an tiarna.
- Láithreacha riaracháin agus ceartais.
- Áit chónaithe don tiarna agus a chlann.
- Áit shiamsaíochta agus fhéastaíochta. (c200 sa tír)

Ionsaí

Ionsaí
- Inneall léigir (tabhall)
- Treabúiséad
- Túr dreapadóireachta
- Reithe cogaidh
- Tochailt faoi
- Dréimirí dreapadóireachta
- Saigheada tine

Cosaint
- Poill lámhaigh cloiche agus poill lámhaigh adhmaid
- Forbhallaí
- Scoilteanna saighead



Túrthithe
- Tógadh iad sa 15ú agus 16ú céad.
- Túrtha arda; ballaí tiubha.
- 3 – 5 urlár ar airde.
- Boghtaí cloiche – creataí caoladóireachta.
- Clóiséid.
- Áirse chíme ar fhuinneoga.
- Príomhsheomra amháin ar gach urlár. (c1,500 sa tír)

Tithe Daingnithe
- Tógadh iad déanach sa 16ú céad / luath sa 17ú céad.
- Bhí na fuinneoga níos mó.
- Bhí níos mó tinteán iontu.
- Finisteair ghunna.
- Poill lámhaigh.
- Ní raibh boghtaí cloiche iontu. (c150 sa tír)

Aonad 3

Bailte

Ceacht 1

Laistigh de Bhallaí an Bhaile

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

Láithreacha Mainistreacha Luath-Chríostaí

- Doire
- Ard Mhacha
- Dún Pádraig
- Ceanannas
- Cill Dara
- Caiseal
- Corcaigh

Bailte Lochlannacha

- Baile Átha Cliath
- Cill Mhantáin
- An tInbhear Mór
- Loch Garman
- Port Láirge
- Eochaill
- Corcaigh
- Cionn tSáile
- Luimneach

Ionaid Mhainéaracha Angla-Normannacha

- Port Rois
- Cúil Raithin
- Latharna
- Baile Nua na hArda
- Dromore
- An tIúr
- Sord
- Mullach Íde
- Baile Bhlainséir
- Leamhcán
- Cluain Dolcáin
- Tamhlacht
- Bré
- An Teampall Mór
- Mala
- Mainistir Fhear Maí
- Mainistir na Corann

Bailte Angla-Normannacha

- Carraig Fhearghais
- Dún Pádraig
- Sligeach
- Dún Dealgan
- Baile Átha Fhirdhia
- Droichead Átha
- Ceanannas
- An Uaimh
- Baile Átha Troim
- An Muileann gCearr
- Baile Átha Luain
- Baile Átha Cliath
- Gaillimh
- An Nás
- Baile Locha Riach
- Baile Átha Í
- Cill Mhantáin
- Ros Cré
- An tAonach
- Ceatharlach
- An tInbhear Mór
- Luimneach
- Durlas
- Cill Chainnigh
- Caiseal
- Tiobraid Árann
- Ros Mhic Thriúin
- Cluain Meala
- Carraig na Siúire
- Loch Garman
- Port Láirge
- Dún Garbháin
- Eochaill
- Corcaigh
- Cionn tSáile
- Trá Lí

Bailte Plandála

- Baile an Chaistil
- Cúil Raithin
- Baile Monaidh
- Léim an Mhadaidh
- Doire
- Leitir Ceanainn
- An Srath Bán
- An Baile Meánach
- Latharna
- Bealach Cláir
- Machaire Fíolta
- Aontroim
- Beannchar
- Ard Mhic Nasca
- An Chorr Chríochach
- Baile Nua na hArda
- Béal Feirste
- An Ómaigh
- An Comar
- Lios na gCearrbhach
- An Lorgain
- Dún Geanainn
- Dromore
- Droichead na Banna
- Tóin re Gaoith
- Ard Mhacha
- Inis Ceithleann
- Muineachán
- An Céide
- Cluain Eois
- An tIúr
- Baile na Lorgan
- An Cabhán
- Carraig Mhachaire Rois
- Caisleán an Bharraigh
- An Longfort
- Tuaim
- Sord
- An Tulach Mhór
- Cúil an tSúdaire
- Biorra
- Port Laoise
- Inis
- Guaire
- Inis Córthaidh
- Tra Lí
- Mala
- Mainistir Fhear Maí
- Cill Airne
- Maigh Chromtha
- Mainistir na Corann
- Cloich na Coillte
- An Sciobairín

Bailte Eastát Thiarnaí Talún

- Port Rois
- Baile an Chaistil
- Bun Crannchа
- An Baile Meánach
- Lios na gCearrbhach
- An Lorgain
- An Chorr Chríochach
- Droichead na Banna
- Cluain Eois
- Baile na Lorgan
- Caisleán an Bharraigh
- Cathair na Mart
- Baile Brigín
- Na Sceirí
- Mullach Íde
- Éadan Doire
- Béal Átha na Sluaighe
- An Teampall Mór
- Cill Rois
- Guaire
- Lios Tuathail
- Cill Airne
- Béal an Átha

Bailte Saoire / Iarnróid /

- Port Stíobhaird
- Domhnach Daoi
- Bun Dobhráin
- Port an Dúnáin
- An Caisleán Nua
- An Pointe
- Cill Chaoil
- Dún Laoghaire
- Bré
- Droichead Nua
- Na Clocha Liatha
- Trá Mhór (ionad saoire)
- An Cóbh (iarnród)

Bailte Nua

- Baile na Mainistreach
- Craigavon
- Baile Bhlainséir
- Leamhcán
- Cluain Dolcáin
- Tamhlacht
- Sionainn


Baile an Chaistil
Port Stiobhaird
Port Rois
Bun Crannca
Cúil Raithin
Baile Monaidh
Léim an Mhadaidh
Leitir Ceanainn
Doire
An Baile Meánach
Latharna
An Srath Bán
Machaire Fiolta
Aontroim
Bealach Clair
Carraig Fhearghais
Domhnach Daoi
Baile na Mainistreach
Beannchar
An Chorr Chríochach
Béal Feirste
An Cornar
Baile Nua na hArda
An Ómaigh
An Lorgain
Ard Mhic Nasca
Dún Geanainn
Lios na gCearbhach
Craigavon
Bun Dobhráin
Port an Dúnáin
Dromore
Inis Ceithleann
Ard Mhaca
Tóin re Gaoith
Droichead na Banna
Dún Pádraig
Sligeach
Muineachán
An Céide
An Caisleán Nua
An tIúr
Cluain Eois
Béal an Átha
Baile na Lorgan
An Pointe
Cill Chaoil
Dún Dealgan
An Cabhán
Carraig Mhachaire Rois
Caisleán an Bharraigh
Cathair na Mart
Baile Átha Fhirdhia
Ceanannas
Droichead Átha
An Longfort
An Uaimh
Baile Brigín
Na Sceiri
Tuaim
An Muileann gCearr
Baile Átha Troim
Sord
Mullach Íde
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath
Baile Átha Luain
Leamhcán
Dún Laoghaire
Béal Átha na Sluaighe
Éadan Doire
Cluain Dolcáin
Gaillimh
An Tulach Mhór
Bré
Droichead Nua
An Nás
Tamhlacht
Na Clocha Liatha
Baile Locha Riach
Cúil an tSúdaire
Cill Dara
Biorra
Port Laoise
Baile Átha Í
Cill Mhantáin
Ros Cré
An tAonach
Inis
Ceatharlach
An Teampall Mór
An tInbhear Mór
Cill Rois
Sionainn
Durlas
Guaire
Luimneach
Cill Chainnigh
Caiseal
Inis Córthaidh
Tiobraid Árann
Lois Tuathail
Ros Mhic Thriúin
Cluain Meala
Carraig na Siúire
Loch Garman
Tra Lí
Port Láirge
Trá Mhór
Mala
Mainistir Fhear Maí
Cill Airne
Dún Garbháin
An Cóbh
Mainistir na Corann
Eochaill
Maigh Chromtha
Corcaigh
Kinsale
Cloich na Coillte
An Sciobairín

Sainmhíniú:
Is limistéar uirbeach faoi líon mór daoine é baile nó cathair. Bíonn rialtas áitiúil dá c(h)uid féin i gceist go hiondúil.

- Áit mhargaigh – díoltar / ceannaítear earraí anseo.
- Fostaíocht – daoine ag obair ann.
- Ceantar cónaithe - líon mór daoine ina gcónaí gar dá chéile.
- Limistéar riaracháin – seirbhísí sóisialta ar fáil.
- Lárionad do sheirbhísí – ospidéil, scoileanna, leabharlanna, seirbhís iompair.
- Áit shábháilte – sábháilteacht toisc líon na ndaoine.

Bhí gnéithe de shaol na cathrach / an bhaile mhóir ag baint le mainistreacha móra Luath-Chríostaí.

- B'imfhálaithe móra roinnt díobh, ina raibh cónaí ar dhaonra mór.
- Bhí idir thuataigh agus reiligiúnaigh ina gcónaí iontu.
- B'ionaid pholaitíochta agus eacnamaíochta iad.
- B'ionaid thrádála iad.
- Bhí tithe ar an tsráid.



Na Lochlannaigh
Thóg siad gréasán d'ionaid thrádála – d'fhorbair roinnt díobh seo agus d'fhás ina mbailte.

- Dáileadh cósta.
- Ar an gcósta thoir agus an cósta theas go háirithe – nuair a lonnaigh na Lochlannaigh ar an gcósta thoir, bhog siad croí na cumhachta eacnamaí go dtí an cósta – is anseo atá sé go fóill.
- Ionaid thrádála – bhí tábhacht le bailte an chósta chun earraí a thabhairt isteach sa tír / a sheoladh amach as an tír.
- 10ú – 12ú céad.

Bailte Normannacha
Tháinig na Normannaigh go hÉirinn sa bhliain 1169 agus bhí dhá-thrian den tír ceansaithe acu faoin mbliain 1200.

- Chruthaigh siad áiteanna cónaithe sábháilte – ballaí cosanta, geataí daingnithe, túir.
- Chruthaigh siad lárionad margaidh , chun earraí talmhaíochta a thabhairt isteach ó na ceantair thuaithe.
- Chruthaigh siad bunáiteanna míleata – bhí saoránaigh na mbailte seo sásta dul ag troid in aghaidh ionsaitheoirí - arm réamhdhéanta.

Plandálacha sa 16ú agus 17ú céad

- D'fhéadfaí lonnaitheoirí nua ó na bunáiteanna a bhogadh amach faoin tuath.
- Chruthaigh siad urdhúnta tráchtála, dlíthiúla agus míleata i dtimpeallacht naimhdeach.
- Chothaigh siad forbairt bhonneagair – bóithre, muilte agus droichid á dtógáil.
- Chruthaigh siad áit mhargaidh agus chuir siad smacht agus gnó stáit i bhfeidhm - beairicí, príosúin agus tithe cúirte.

Bailte Eastát—bailte nua a bhunaigh tiarnaí talún san 18ú céad.

- Leagan amach siméadrach
- Foirgnimh shlachtmhara ar dhá thaobh na sráide
- Sráideanna leathana díreacha
- Príomhchearnóg – teach margaidh inti go minic
- An príomhfhoirgneamh: Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann.

19ú céad - Bailte Saoire / Iarnróid / Garastúin
D'fhás bailte nua sa 19ú céad mar go raibh cúrsaí tionsclaíochta ag forbairt, bhí iarnróid á dtógáil, bhí tionscail na turasóireachta ag borradh agus bhí gá ag an-chuid saighdiúirí le tithíocht.

20ú céad – Bailte Nua
Craigavon, Co. Ard Mhacha agus Sionainn, Co. an Chláir.

21ú céad – Baile Adaim, Co. Átha Cliath.

Aonad **3**

Bailte

Ceacht **2**

Istigh faoi Shráideanna an Bhaile

ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

- 821 A.D. – D'ionsaigh na Lochlannaigh Corcaigh den chéad uair.
- 846 A.D. – Bunaíodh 'dún' Lochlannach i gCorcaigh.
- 900 A.D. – Lonnaíocht thrádála bhuan bunaithe ag na Lochlannaigh.

Lonnaíocht Ghael-Lochlannach i gCorcaigh

Rinneadh forbairt agus athfhorbairt leis na céadta bliain anuas ar an oidhreacht is fearr a d'fhág na Lochlannaigh againn – ár mbailte cósta. Níl d'fhianaise, go minic, ar an lonnaíocht ársa ach patrún na sráideanna agus teorainneacha na láithreán.

Ach, thíos faoi na sráideanna, maireann an-chuid iarsmaí Lochlannacha agus Normannacha. I gcaitheamh na gcéadta, cuireadh ar leataobh bruscar an chónaithe, agus d'fhás an carn bruscair, sraith ar shraith. Tá fianaise fhíorluachmhar sheandálaíochta sna cairn bhruscair seo ar stair na hÉireann.

Tithe Lochlannacha

Príomhghnéithe an tí:

- Ballaí caolaigh agus dóibe.
- Tinteán lárnach.
- Ursaineacha dorais adhmaid chun tosaigh agus ar chúl.
- Cuaille ag tacú an dín.
- Taobhphasáistí.
- Déantúsáin: tua iarainn, brónna, líonta iascaigh, cíor chnáimhe, bád bréige agus araile.



Cé Ghnóthach

Taispeánann an t-athchruthú seo mar a bheadh na céanna. Chabhraigh iompórtáil agus easpórtáil earraí go mór le cúrsaí eacnamaíochta sa 11ú céad in Éirinn.



Leathnaigh na Normannaigh amach go dtí an t-oileán ó thuaidh. Go luath sa 14ú céad, bhí baile múrtha meánaoiseach Chorcaí bunaithe acu ar an dá oileán - an t-oileán ó thuaidh (An Phríomhshráid Thuaidh) agus ar an oileán ó dheas (An Phríomhshráid Theas).

Bronnadh a céad chairt ar Chorcaigh sa bhliain 1185. Ba dhoiciméad scríofa í cairt a thug cearta do na saoránaigh.

- Tugadh burgaire ar shaoránach ar leis teach nó gnó.
- Bhí stádas speisialta dlíthiúil ag burgaire.
- Thogh siad méara agus comhairle baile.

Aonad 4

Nósanna Maireachtála

Ceacht 1

Lorg na Seandálaíochta



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2

1. Déan cur síos ar an déantúsán:

Foirm (cruth): .....

Toise:

Airde .....

Leithead .....

Trastomhas .....



2. Ábhar

(a) .....

(b) .....

(c) bog / soladach / solúbtha / teaglaim .....

(d) de dhéantús an duine nó nádúrtha? .....

3. Feidhm .....

4. Conas a rinneadh é? (lámhdhéanta nó déanta le hinnill)

Déan cur síos ar conas a rinneadh é .....

Cá ndearnadh é? .....

5. An déantúsán coitianta nó annamh é? .....

6. An bhfuil aon scríbhneoireacht nó maisiúchán air? .....

Cén fheidhm atá ag an scríbhneoireacht nó maisiúchán? .....

7. Má fuarthas an déantúsán ar láithreán seandálaíochta

(a) Cad a insíonn sé dúinn faoin úinéir?

Óg nó Sean ❑ Fireann nó Baineann ❑ Saibhir nó Bocht ❑

(b) An féidir dáta a chur air?.....

(c) Cad a insíonn sé dúinn faoi stíl mhaireachtála na ndaoine? .....

(d) Cad a insíonn sé dúinn faoin tsochaí a rinne é?

An raibh scríobh acu? .....

An mbaineann aeistéitiúlacht leis? .....

Cén sórt geilleagair a bhí ag an tsochaí? Trádáil / Margadh / Babhtáil.....



Tiopeolaíocht Chroineolaíoch Píopaí Cré

Cuir agallamh ar thuismitheoir / ar sheanmháthair / ar sheanathair / ar chomharsa faoin stíl mhaireachtála a bhí acu nuair a bhí siad ar chomhaois leatsa anois agus faoi na gníomhaíochtaí a bhain léi. Cuir ceist orthu faoi na déantúsáin a bhain leis an stíl mhaireachtála sin. Fiosraigh gach pointe leis an duine ag úsáid na míreanna ceisteacha Conas?, Cathain? , Cá?, Cén fáth? agus Cad? Cár tharla na gníomhaíochtaí seo? Cad iad na rudaí nó na déantúsáin a bhain leis na gníomhaíochtaí?

Níochán/Glanadh	**Áit**	**Déantúsáin**
Sláinteachas pearsanta; bealaí difriúla chun duine a ní – folcadh / cith / báisín láimhe; cúrsaí gruaige; fiacla a ní go rialta.		
Bia a ithe / deoch a ól	**Áit**	**Déantúsáin**
Cineálacha éagsúla bia; amanna béilí éagsúla; réimse leathan bia ar fáil inniu; bialanna; sreangshiopaí.		
Éadaí	**Áit**	**Déantúsáin**
An gá atá le héadaí / bróga; éadaí éagsúla d'ócáidí éagsúla – éide scoile, éide oibre (laistigh/lasmuigh); éadaí siamsaíochta; athruithe stíle; cá ndearnadh iad?		
Fostaíocht – post / obair an tí		**Déantúsáin**
Gairmeacha beatha / deiseanna éagsúla ; modhanna taistil chuig an / ar ais ón láthair oibre; ag obair sa bhaile; obair an tí.		
Taisteal / Cumarsáid	**Áit**	**Déantúsáin**
An gá atá le taisteal; modhanna taistil; éascaíocht taistil inniu; teicneolaíocht na cumarsáide – idirlíon, fóin phóca.		
Siamsaíocht	**Áit**	**Déantúsáin**
Conas a chaithimid ár gcuid ama shaoir sa bhaile – teilifís, léitheoireacht, ceol, cluichí ríomhaireachta agus araile. Lasmuigh den bhaile – ceolchoirmeacha, pictiúrlann, rincí, i gcomhluadar agus araile.		

1. Tarraing léaráid den déantúsán sa bhosca thíos.

2. Foirm (cruth): .....

   Ábhar: bog / soladach / solúbtha / teaglaim .....

   De dhéantús an duine nó nádúrtha? .....

   Toise: Airde ..... Leithead .....

3. Feidhm: Cén úsáid a baineadh as? .....

4. Conas a rinneadh é? (lámhdhéanta nó déanta le hinnill)

   Déan cur síos: .....

   Cá ndearnadh é? .....

5. An déantúsán coitianta nó annamh é? .....

6. An bhfuil aon scríbhneoireacht nó maisiúchán air? .....

7. Cén fheidhm atá ag an scríbhneoireacht nó maisiúchán? .....

8. Cén aois é? .....

9. Má fuarthas an déantúsán ar láithreán seandálaíochta

   (a) Cad a insíonn se dúinn faoin úinéir?

   Óg nó Sean ..... Fireann nó Baineann .....

   Saibhir nó Bocht ..... Aon rud eile?.....

   (b) Cad a insíonn sé dúinn faoi stíl mhaireachtála na ndaoine? .....

   (c) Cad a insíonn sé dúinn faoin tsochaí a rinne é?

   An raibh scríobh acu? .....

   An mbaineann aeistéitiúlacht leis? .....

   Cén sórt geilleagair a bhí ag an tsochaí? Trádáil / Margadh / Babhtáil .....

   (d) Aon rud eile le rá? .....

Gníomhaíocht mhaireachtála	Déantúsáin
Bia a ithe / deoch a ól	Scian, forc, pláta, cupán, babhla.
Éadaí a chaitheamh	Éadaí, bróga, stocaí.
Maisiúchán	Fáinní, fáinní cluaise, bróistí.
Duine/rud a ní	Gallúnach, scuab fiacla, leacht níocháin.
Caitheamh aimsire	Píosaí fichille, cártaí, bróga damhsa, liathróid.
Adhradh	Cailís, coinnleoirí, crosa.
Oideachas	Cailc, leabhair, taisceadáin, binse, cathaoireacha, clár dubh, pinn, teilgeoir.

- Déanann gníomhaíochtaí maireachtála cur síos ar na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann daoine i gcaitheamh an lae.
- Cuimsíonn gníomhaíochtaí maireachtála cúrsaí oibre, oideachais, ite, taistil agus araile.
- Déantar gníomhaíochtaí maireachtála in áiteanna ar leith agus bíonn déantúsáin ar leith ag baint leo.

Léiríonn iniúchadh ar na déantúsáin seo an-chuid eolais dúinn ar stíl mhaireachtála na ndaoine.



Píopa Cré

Cad a insíonn sé dúinn?

- An t-úinéir – seans maith gur dhuine fásta fireann é.
- An féidir dáta a chur air? Is féidir; tugadh píopaí isteach in Éirinn sa 17ú céad tar éis tobac a thabhairt isteach. Rinneadh tiopeolaíocht ar phíopaí cré agus is féidir dáta a chur leo go héasca – má tá babhla bleibeach uilleach ar an bpíopa (mar atá ar an gceann ar chlé), baineann sé leis an 17ú céad. Baineann na babhlaí atá níos ingearaí, níos mó agus a bhfuil na taobhanna níos dírí leis an 18ú céad déanach / 19ú céad.
- *Cad a insíonn an déantúsán dúinn faoin sochaí?*–Gur chaith siad tobac, go raibh am saor acu, go raibh naisc trádála acu le Meiriceá, go raibh siad mar chuid de shochaí dhomhanda a chaith tobac.

Soitheach cré Neoiliteach,
Bánóg na Sráide, Co. Cheatharlach.
3,500 – 3.400 R.C.

Taisce Dhoire na bhFlann,
Doire na bhFlann, Co. Thiobraid Árann
8ú - 9ú céad A.D.

Iarsmalanna

Coimeádtar na déantúsáin seandálaíochta uile inár n-iarsmalanna réigiúnacha agus náisiúnta chun iad a choinneáil slán.

Is í ról na hiarsmalainne ná

(i) staidéar a dhéanamh ar earraí a bhfuil luach cultúrtha acu
(ii) na hearraí sin a chaomhnú
(iii) áit stórála a sholáthar dóibh
(iv) iad a chur ar taispeántas ar mhaithe leis an bpobal.

Tá freagracht ar *Ard-Mhúsaem na hÉireann* oidhreacht na hÉireann, idir iompartha (déantúsáin), nádúrtha agus cultúrtha, a chaomhnú, agus rochtain a bheith uirthi. Cuireann sé tuiscint ar ár n-oidhreacht chun cinn trí thaispeántais, trí léachtaí agus trí thionscnaimh fheasachta eile. Ar an mbealach seo, neartaíonn sé na naisc chultúrtha in Éirinn agus thar lear.

Tá an Músaem lonnaithe ar cheithre shuíomh:

- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht
  Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra
  Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - na hEalaíona Maisiúla agus Stair
  Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 2
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe
  Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.

Aonad **4**

Nósanna Maireachtála

Ceacht **2a & 2b**

Déantúsáin Mhaireachtála



ARCHAEOLOGY
time in transition

ITS ABOUT TIME 2



Dáta: 18ú céad A.D. 7.3cm x 2cm

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Trastomhas 3cm



Dáta: 13ú céad A.D. **Ábhar: Beann rosuailt**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 90cm



Dáta: 800 R.C. **Ábhar: Cré-umha**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 150cm

Dáta: 4,500 R.C. **Ábhar: Sliogáin mhara**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Trastomhas 56cm

Dáta: 600 R.C. **Ábhar: Cré-umha**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:



Fad 15cm

Dáta: 12ú céad A.D. **Ábhar: Cnámh ainmhí**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:



Trastomhas 4cm

Dáta: 1,200 R.C. **Ábhar: Ór**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:



Fad 10cm

Dáta: 12ú céad A.D. **Ábhar: Leathar**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 7cm



Dáta: 19ú céad A.D. **Ábhar: Iarann saoirsithe**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 100cm

Dáta: 19ú céad A.D.
Ábhar: Adhmad (cláir)
Miotal (fonsaí)

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Leithead 45cm

Dáta: 8ú céad A.D.
Ábhar: Miotal agus gloine

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Trastomhas 9.9cm

Dáta: 2ú céad A.D.
Ábhar: Cré-umha

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 33.9cm

Dáta: 9ú céad luath A.D. **Ábhar: Cré-umha**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 76cm

Dáta: 900 R.C. – 700 R.C.
Ábhar: Cré-Umha

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:



Airde 33cm

Dáta: 1ú A.D. – 2ú céad A.D. **Ábhar: Cloch**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Cailís:
Airde: 19.2 cm

Paiteana:
Trastomhas: 36.8 cm

Dáta: 8ú / 9ú céad A.D.
Ábhar: Airgead, ór, copar, gloine, cruan

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Barr: 7.9cm

Dáta: 10ú céad A.D. **Ábhar: Airgead**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Leithead 22.6cm

Dáta: 2,000 R.C. **Ábhar: Ór**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 31.8cm

Dáta: 2ú céad A.D. **Ábhar: Cré-umha**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 7.25cm

Dáta: 12ú céad A.D. **Ábhar: Starrfhiacail rosuailt**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 33.5cm

Dáta: 13ú céad A.D. **Ábhar: Cré bhácáilte**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 6.8cm

Dáta: 3,500 R.C. – 3,400 R.C.
Ábhar: Cré bhácáilte

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde na crosa 62.6cm

Dáta: c1,500 A.D. **Ábhar: Miotal**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 39cm Trastomhas an bhoinn 7cm

Dáta: 1120 A.D.
Ábhar: Plátaí cré-umha ar adhmad

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad an tsiogairlín is mó 3cm

Dáta: 3,300 R.C. – 2,800 R.C. **Ábhar: Cloch**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad ar an gciumhais dhronnach 186.7cm
Trastomhas na béalóige 19.3cm

Dáta: 1ú céad R.C. **Ábhar: Cré-umha**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 24.3cm

Dáta: 8ú céad déanach / 9ú céad luath A.D.
Ábhar: Ór agus airgead

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 19.6cm



Dáta: 1ú céad R.C. **Ábhar: Ór**

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Airde 7.6cm Airde 5.5cm

Dáta: 2,000 R.C. – 1,800 R.C.
Ábhar: Cré bhácáilte

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:

Fad 14.4cm

Dáta: 1ú céad A.D. – 2ú céad A.D.
Ábhar: Cré-umha

Cur síos:

Feidhm:
Gníomhaíocht
Mhaireachtála:
Úinéir:
Sochaí:



Dáta: 18ú céad A.D.

Píopa Cré
Gas ciorclach folaithe; babhla ag an mbun, é níos leithne sa lár amhail bleibe. Uillinn idir an mbabhla agus an gas fada. Sáil bheag ag an gcumar idir an mbabhla agus an gas. Déanta de chré mhín nádúrtha – bácáilte in áith go ndearnadh ceirmeach di. Tá sé crua – níl sé solúbtha.
Toisí: 7.3 cm X 2 cm
Feidhm: Úsáideann duine píopa chun tobac a chaitheamh.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Caitheamh aimsire.
Úinéir: Fear fásta, is dócha.
Sochaí: Chaith siad tobac, bhí am saor acu, bhí naisc thrádála acu le Meiriceá.

Dáta: 13ú céad A.D. **Ábhar: Beann rosuailt**

Licín imeartha
Diosca ciorclach soladach; barr & bun réidh air. Ciorcal istigh agus ciorcal amuigh mar mhaisiúchán ar an mbarr. An ciorcal amuigh líonta le sraith de 16 ciorcal chónasctha (lámhshnoite; ar eatraimh mhíchothroma). Taobh istigh de na ciorcail bheaga mhaisiúla seo, tá dhá chiorcal chomhlárnacha bheaga eile agus ponc lárnach. Tá ocht gciorcal, iad i gcruth X, mar mhaisiú ar an gciorcal lárnach.
Toisí: trastomhas 3 cm
Feidhm: Is cuid de chluiche cláir é an licín imeartha. B'fhéidir gur aithin an maisiúchán é thar licíní eile.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Caitheamh aimsire.
Úinéir: Bhí am saor aige le caitheamh ar chaitheamh aimsire; féith spraoi ann.
Sochaí: am saor don spraoi; ceardaíocht den scoth le feiceáil i ndéantús agus i snoíodóireacht an phíosa seo.



Dáta: 800 R.C **Ábhar: Cré-umha**

Corn cré-umha
Uirlis tholl chré-umha – cruth S uirthi. De dhéantús an duine. Múnlaithe de láimh in dhá phíosa. Maisithe le línte ag an mbun (corn); dhá fháinne ardaithe ar an gcaol agus in aice na béalóige. Fáinne nasctha léi – cheanglódh an ceoltóir corda timpeall ar a mhuineál agus tríd an bhfáinne seo chun an uirlis a iompar nuair a bhí sí á seinm.
Toisí: 90 cm
Feidhm: Uirlis cheoil.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Caitheamh aimsire (adhradh b'fhéidir nó fiú cogadh).
Úinéir: Tá sé rómhór do chorn pearsanta – b'fhéidir go mba le fine / grúpa é d'ócáidí tábhachtacha / ceiliúradh nó chun saighdiúirí a thabhairt chun cogaidh (mar a dhéantar leis an bpíb mhór).
Sochaí: Bhí féilte / ceiliúradh acu; ceoltóirí; ceardaithe sároilte cré-umha.

Dáta: 4,500 R.C. **Ábhar: Sliogáin mhara**

Muincí de shliogáin mhara
Dhá mhuince de shliogáin mhara. Sliogáin mhara bheaga nádúrtha. Polladh roinnt de na sliogáin agus cuireadh corda de shaghas éigin tríothu. Is annamh a fheictear na déantúsáin seo.
Toisí: Fad 1.56 cm sa mhuince is mó.
Feidhm: Muince
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Ornáidíocht
Úinéirí: Bhí suim acu ina ndealramh. Ní raibh an t-ábhar costasach ach thóg sé am orthu na sliogáin a chur ar an gcorda. Ní féidir dáta a chur orthu ach fuarthas scian bhreochloiche Neoiliteach leo.
Sochaí: Bhí am acu ornáidí agus maisiúchán a chur orthu féin. Ina gcónaí cois farraige nó ag trádáil má bhí cónaí orthu i bhfad i dtír.

Dáta: 600 R.C. **Ábhar: Cré-umha**

Coire Cré-umha
Pota/coire tóinchruinn déanta de leatháin chré-umha seamaithe le chéile. Lámhdhéanta. Leacaíodh leatháin chré-umha agus cuireadh seamanna tríothu chun iad a cheangal le chéile – bhí séala maith tábhachtach mar d'úsáidtí iad don chócaireacht.
Toisí: Trastomhas 56 cm
Feidhm: cócaireacht / coimeádán crochta.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Bia a ithe.
Úinéir: Rómhór do dhuine amháin/ clann bheag; úsáid chomhchoiteann is dócha. Duine fásta á úsáid.
Sochaí: In úsáid chun bia / deochanna a chócaireacht do cheiliúradh mór / d'fhéilte móra.



Dáta: 12ú céad A.D. **Ábhar: Cnámh ainmhí**

Cíor chnáimhe
Cíor chnáimhe aonair dhronuilleogach. Fiacla ar thaobh amháin. Dhá phláta, ceann ar gach taobh de na fiacla, ar barr. Coimeádann dhá sheam, ceann ag barr agus ceann ag bun, an dá phláta le chéile agus na fiacla eatarthu. Tá barr na seamanna le feiceáil mar dhá chiorcal. Tá na plátaí maisithe le snoíodóireacht.
Toisí: Fad 15 cm
Feidhm: Gruaig a chíoradh.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Sláinteachas / ní.
Úinéirí: Bhí suim acu ina ndealramh.
Sochaí: ceardaithe oilte; suim ag daoine ina ndealramh.



Dáta: 1,200 R.C. **Ábhar: Ór**

Péire Fáinní Cluaise
Péire fáinní cluaise beaga. Déanta de shlat casta óir, a raibh 4 thaobh fheireacha air; sreang chaol chiorclach óir don chuid a théann tríd an gcluas féin. Teilgeadh an tslat óir i múnla, tuargnaíodh na himill agus ansin chas an tslat.
Toisí: Trastomhas 4 cm
Feidhm: Fáinní cluaise.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Gléasadh
Úinéir: Thaitin ornáidíocht léi/leis; earraí luachmhara - saibhir go leor.
Sochaí: gaibhne óir oilte – tábhacht le hór.



Dáta: 12ú céad A.D. **Ábhar: Leathar**

Bróga Leathair
Bróga leathair – stíl slipéir orthu – bonn iomlán orthu. Boinn déanta as sraith de phíosaí leathair agus sáil intlise. Leathar bog a bhí sa chuid uachtarach den bhróg.
Toisí: 10 cm
Feidhm: Bróg pháiste.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Gléasadh
Úinéir: Óg, saibhir go leor is dócha.
Sochaí: ceardaithe oilte leathair; ainmhithe acu; súdaireacht.



Dáta: 19ú céad A.D. **Ábhar: Iarann saoirsithe**

Tóstaer
Déanta d'iarann saoirsithe. Fráma beag ar chruth D; barraí réidhe air. Luíonn an fráma siar ar bharra iarainn; is cosúil go mbogann an barra seo suas síos. Luíonn an barra dlúth leis an bhfráma nuair nach bhfuil an tóstaer in úsáid. Crúca ar chruth D ar chúl – chun é a chrochadh? Liopa beag ag bun éadan an fhráma.
Toisí: Airde c 7 cm
Feidhm: Chun arán a thóstáil os comhair na tine.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Bia a ithe.
Úinéir: Bean is dócha; ba chuid thábhachtach den chothú é arán.
Sochaí: Gaibhne oilte.

Dáta: 19ú céad A.D.
Ábhar: Adhmad (cláir)
Miotal (fonsaí)

Cuinneog ime
Coimeádán mór ciorclach déanta de chláir ingearacha adhmaid agus fonsaí miotail ciorclacha á gcoinneáil le chéile. Tá an bonn níos leithne ná an barr. 'Muineál' in aice an bhairr. Clúdach adhmaid agus poll ina lár. Bata caol sa pholl.
Toisí: Airde 1 m
Feidhm: Cuinneog ime.
Gníomhaíocht Mhaireachtála: Bia a ithe; geilleagar margaidh.
Úinéir: Feirmeoir ag a raibh ba. Rinneadh a lán ime; seans maith gur díoladh an t-im.
Sochaí: Úsáideadh agus trádáladh im. Tábhacht le ba déiríochta.

Téama 2



ITS ABOUT TIME 2

Nósanna Maireachtála & Saol na nDaoine

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Limerick Education Centre